Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**8355/20**
**ADD 1**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0089(NLE)**
**2020/0088(NLE)**

**WTO 87**
**AGRI 153**
**COASI 49**
**PI 43**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8354/20 + ADD 1, 8357/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne i dtaca le comhar i leith na dtásc geografach agus a gcosaint<br>- Glacadh<br>agus<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le comhar i dtaca le tásca geografacha agus iad a chosaint<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

**Ráiteas ón mBeilg, ón Danmhairg, ó Lucsamburg, ón Ísiltír agus ón tSualainn**

Tacaíonn an Bheilg, an Danmhairg, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSualainn le comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích leis an tSín maidir le tásca geografacha talmhaíochta, fíonta agus biotáillí a chosaint. Is mór ag an mBeilg, an Danmhairg, Lucsamburg, an Ísiltír agus an tSualainn an dul chun cinn atá déanta chun feabhas a chur ar an gcaidreamh déthaobhach trádála leis an tSín maidir le táirgí talmhaíochta, fíonta agus biotáillí.

Tá tugtha dá n-aire ag an mBeilg, an Danmhairg, Lucsamburg, an Ísiltír, agus an tSualainn, áfach, go bhféadfaí a bhaint de chiall as an dréacht-chomhaontú go bhféadfaí, amach anseo, an raon cosanta a bhíonn ag reachtaíocht sin de chuid an Aontais lena gcosnaítear tásca geografacha a leathnú chun go gcuimseofaí tásca geografacha táirgí neamhthalmhaíochta; cuireann siad a i bhfios go láidir, dá bhrí sin, nach féidir le comhaontuithe idirnáisiúnta lena gcosnaítear tásca geografacha áirithe réamh-mheas a dhéanamh ar aon chinneadh maidir le raon feidhme reachtaíocht an Aontais a leathnú ina leith sin ná réamhbhreith a dhéanamh ar an gcinneadh sin.